



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Cibearshlándaíl institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh: Níl an leibhéal ullmhachta foriomlán ar cóimhéid leis na bagairtí

Clár

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL	2
a) Réamhrá ginearálta.....	2
b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí CIE.....	2
c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile	3
II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE	3
1. Leibhéil EUIBAnna ó thaobh aibíocht cibearshlándála de.....	3
2. Sásraí comhair EUIBAnna.....	4
3. Faisnéis maidir le teagmhais mhóra nó leochaileachtaí a roinnt	5
III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE	5
Moladh 1 - Feabhas a chur ar ullmhacht cibearshlándála na EUIBAnna uile trí chomhrialacha ceangailteacha agus trí acmhainní méadaithe le haghaidh CERT-EU.....	5
Moladh 2 - Sineirgí breise a mholadh i measc EUIBAnna i réimsí áirithe	6
Moladh 3 - Fócas CERT-EU agus ENISA a mhéadú ar EUIBAnna nach bhfuil chomh haibí sin.....	7

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dtuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

a) Réamhrá ginearálta

Is príomhthosaíocht pholaitiúil agus oibríochtúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh anois í an chibearshlándáil. Tá dlús curtha ag géarchéim COVID lenár spleáchas ar sheirbhísí digiteacha (an néalríomhaireacht, gairis mhóibíleacha, an intleacht shaorga). Le dhá bhliain anuas, tá athrú ollmhór feicthe againn i dtreo a bheith ag obair ón mbaile. Fágann sé sin go bhfuil an chibearchoireacht agus an chibirspaireacht araon, an dá bhagairt is mó atá le sárú ag Institiúidí, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUIBAnna) tar éis dul ar líne cuid mhór freisin, dáiríre. Aithníonn an Coimisiún an treocht sin. Tá ceannaireacht chomhsheasmhach agus chinntitheach léirithe aige i dtaca leis an gcibearshlándáil. Tháinig an Gníomh um Chibearshlándáil i bhfeidhm in 2019, rud a leathnaigh sainordú Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus a chuir bonn buan faoi, i measc rudaí eile. Leis an nGníomh sin, bunaíodh comhar foirmiúil freisin idir ENISA agus CERT-EU (an fhoireann phráinnfhreagartha ríomhaire a chuireann tacaíocht ar fáil do na EUIBAnna uile). In 2020, mhol an Coimisiún treisiú ar an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise, atá chóir a bheith comhaontaithe sa reachtas.

Bhí trí ghníomhaíocht i Straitéis Chibearshlándála 2020 freisin a bhfuil tionchar acu ar chibearshlándáil na EUIBAnna. D'fhógair sé Rialachán maidir le Slándáil Faisnéise in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Rialachán maidir le Comhrialacha Cibearshlándála le haghaidh institiúidí, chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus a rún bunús dlí nua a sholáthar le haghaidh CERT-EU chun a shainordú a threisiú agus cistiú chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'ainneoin bagairtí, rioscaí agus teagmhas atá ag méadú.

Tá dul chun cinn déanta i dtaca leis an obair chun na tograí sin a ullmhú. Cé nár ghlac an Coláiste go fóill iad, meastar go nglacfar iad sa chéad ráithe de 2022. Baineann na ceisteanna tábhachtacha a phléigh na hinstitiúidí ag an gcéim ullmhúcháin seo le bunús dlí an togra chomh maith le hacmhainn bhuiséadach na EUIBAnna uile na ceanglais a chomhlíonadh i dtéarmaí a riachtanais cibearshlándála féin a mhaoiniú agus i dtéarmaí na hacmhainní is gá a aimsiú chun tacú le CERT-EU, leis an mbuiséad agus go háirithe le poist.

Tá leibhéil éagsúla aibíochta ag leibhéal ullmhachta cibearshlándála institiúidí, chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Tá feidhmíocht láidir ag roinnt EUIBAnna i dtéarmaí cibearullmhachta agus ba cheart go leanfaidís orthu ag feidhmiú mar cheannairí, chun dul chun cinn agus feabhsuithe breise a mhúscailt agus a spreagadh ar fud na timpeallachta cibearshlándála ina hiomláine. Chun dul chun cinn intomhaiste a dhéanamh, tá sé tábhachtach na leibhéil éagsúla aibíochta i measc EUIBAnna a aithint agus tosaíochtaí a leagan síos trí ghníomhaíochtaí feabhsúcháin a dhíriú ar dtús ar na EUIBAnna sin ina bhfuil an neamhchosaint is mó ar riosca mar thoradh ar na bearnaí a sainaitníodh.

b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí CIE

Cuireann an Coimisiún fáilte roimh thuarascáil CIE maidir le Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Tugann sé dá aire go gcuirtear i dtábhacht sa tuarascáil creataí comhchoiteanna dlíthiúla le haghaidh na EUIBAnna uile maidir le slándáil

faisnéise agus cibearshlándáil chun an leibhéal cibearshlándála foriomlán a mhéadú ar bhonn uilechoiteann. Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil príomhbharúlacha ná príomh-mholtaí CIE dírithe ar chibearshlándáil oibríochtúil an Choimisiúin féin *per se*, ach go bhfuil siad dírithe ar ról beartais an Choimisiúin ó thaobh reachtaíocht a mholadh chun cibearaibíocht na EUIBanna a mhéadú.

Leagfar síos leis na Rialacháin a bheidh ann amach anseo maidir le ‘Slándáil Faisnéise in Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh’ agus maidir le ‘Comhrialacha Cibearshlándála le haghaidh institiúidí, chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh’ na comhrialacha i dtreo ardleibhéal slándála faisnéise agus chibearshlándála a bhaint amach, ach tá a gcur chun feidhme, laistigh de chomhthéacs eagraíochtúil agus oibríochtúil gach EUIBA (go háirithe a bpróifílí bagartha agus riosca), fós faoi fhreagracht fhéinrialaitheach na EUIBanna. Beidh sásraí comhlíontachta sa Rialachán atá beartaithe maidir le cibearshlándáil, ar sásraí iad atá iomchuí agus atá ar cóimhéid le cuspóir agus le raon feidhme na rialacha nua, gan dochar d’fhéinriail institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí.

Tá an Coimisiún ina chathaoirleach faoi láthair ar fhoghrúpa cibearshlándála an Choiste Idirinstitiúidigh um Chlaochlú Digiteach (CIICD), ar ceapachán rothlach é (le haghaidh tréimhse suas le 2 bhliain). Tugtar faoi deara nár tugadh acmhainní tiomnaithe ar bith d’obair an fhoghrúpa: tá na gníomhaíochtaí uile bunaithe ar dhícheall na rannpháirtithe ar bhonn deonach.

Comhaontaíonn an Coimisiún leis an smaoineamh ginearálta acmhainní agus sainordú CERT-EU a threisiú.

Leis an tuiscint sin, tacaíonn an Coimisiún le príomhbharúlacha agus le príomh-mholtaí na tuarascála. Mínítear ár seasamh mionsonraithe sna barúlacha breise i roinn III. Maidir leis na moltaí, glacann an Coimisiún le moltaí 1a, b, c, d, e, f, g agus 2a, b, c.

c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile

Rinneadh comhairliúchán foirmiúil ar leibhéal Ardstiúrthóirí na EUIBanna faoi dhréachtaí comhdhlúthaithe an dá Rialachán (slándáil faisnéise, cibearshlándáil) agus táthar fós i mbun measúnaithe ar an aiseolas a fuarthas, sula gcríochnófar an pacáiste agus sula nglacfaidh an Coláiste é sa chéad ráithe de 2022.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Leibhéal EUIBanna ó thaobh aibíocht cibearshlándála de

Comhaontaíonn an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach bagairtí agus rioscaí a chur san áireamh agus é ag breathnú ar leibhéal caiteachais EUIBanna ar an gcibearshlándáil.

Ar an gcuma chéanna, maidir le gné na n-acmhainní daonna, tá tionchar ag roinnt tosca ar chobhsaíocht foirne EUIBA. Tá an margadh earcaíochta le haghaidh saineolaithe speisialaithe cibearshlándála ag éirí níos casta. In go leor cásanna, níl rialacha acmhainní daonna oiriúnaithe le

haghaidh próifílí speisialaithe (earcaíocht, forbairt gairme, oiliúint). Thairis sin, fágann an brú ginearálta ón údarás buiséadach ar leibhéal foirne ar fud na EUIBAnna go bhfuil easpa post ann fós, go háirithe i seirbhísí oibríochtúla inmheánacha, i réimsí ardtosaíochta atá ag teacht chun cinn, mar shampla an chibearshlándaíl.

Ba cheart a chur san áireamh sa tagairt do dhul chun cinn ar rialú agus bainistíocht riosca go bhfuil an faireachán ar chomhlíontacht ag aistriú anois ó bhonn píolótach go cur i bhfeidhm iomlán. Dá bhrí sin, níl aon rud neamhghnách faoin gcumhdach a bheith measartha íseal go dtí seo. Is éard atá sa tionscadal comhlíontachta seo an chéad chéim eile de phróiseas fadtéarmach chun feabhas a chur ar chibearaibíocht, próiseas a raibh mar thúsphointe aige modheolaíocht choiteann riosca a shainiú, uirlisiú coiteann a thógáil, bainistíocht leochaileachta a chur i bhfeidhm agus faireachán, tástáil agus bailíochtú a dhéanamh ar fhardal sócmhainní. Tá dul chun cinn déanta ar an gconair fhada seo, d'ainneoin chastacht bhonn sócmhainní an Choimisiúin, a bhfuil breis agus 1 000 córas faisnéise aige atá á n-oibriú ag breis agus 50 Ard-Stiúrthóireacht agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin.

2. Sásraí comhair EUIBAnna

Tá CERT-EU ag dul ó neart go neart ó thaobh comhar a chur chun cinn ní hamháin idir EUIBAnna, ach ar leibhéal na hEorpa freisin, trína rannpháirtíocht mar bhall iomlán den líonra Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT) a bunaíodh faoin Treoir NIS. Ar an mbealach sin, is cás den chéad scoth é CERT-EU den chaoi ar féidir comhar agus seirbhísí cibearshlándaála a fheabhsú. Léirítear go han-soiléir le barúlacha CIE maidir le CERT-EU an tsárobair atá á déanamh ag CERT-EU d'ainneoin timpeallacht chibearbhagartha atá ag éirí níos doicheadlaí i gcónaí agus d'ainneoin easpa leanúnach acmhainní.

Faoin Socrú Idirinstitiúideach (IIA) atá ann faoi láthair, déanann ENISA ionadaíocht oifigiúil ar ghníomhaireachtaí díláraithe agus ar chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh i mBord Stiúrtha CERT-EU. Thairis sin, cuirtear a dtuairimí i láthair ag cruinnithe an bhoird stiúrtha ag ionadaí de chuid Choiste Comhairleach TFC (ICTAC), a bhfuil cead aige freastal ar na cruinnithe chun cúnamh a thabhairt do ENISA sa ról atá aige ionadaíocht a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí, ach nach bhfuil aon suíochán foirmiúil ná vóta aige. Tabharfar aghaidh ar cheist ionadaíocht leormhaith gníomhaireachtaí i mbord stiúrtha CERT-EU sa Rialachán atá beartaithe trí chomhdhéanamh an bhoird stiúrtha a iomlánú le suas le trí ionadaí a ainmneoidh Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN), ar thogra óna Choiste Comhairleach TFC.

Is ar bhonn díchill atá an rannpháirtíocht i bhfoghrúpa cibearshlándaála CIICD, agus cinneann gach EUIBA a leibhéal rannpháirtíochta féin. Agus an creatchónradh nua cibearshlándaála á ullmhú, tá aghaidh á tabhairt ar fheabhsuithe ar chomhroinnt faisnéise maidir le soláthar, mar ábhar tábhachtach laistigh de raon feidhme Thascfhórsa 2 den Fhoghrúpa Cibearshlándaála.

Maidir le huirlisiú coiteann le haghaidh seirbhísí mar shampla ríomhphost agus físchomhdháil, tá saoráid ann cheana féin córas SECAM-2, a chuir an Coimisiún chun feidhme le haghaidh na EUIBAnna uile, a úsáid i gcomhair ríomhphost criptithe, ag brath ar bhainistíocht éifeachtach eochracha agus deimhnithe criptithe. Anuas air sin, tá SECABC, uirlis lena mbeifear in ann ríomhphost a chriptiú idir institiúidí, á fhorbairt faoi láthair, agus é mar rún rochtain ar an uirlis sin a thairiscint do gach EUIBA a bhfuil spéis aige inti ó 2022 ar aghaidh. Is féidir físchomhdháil shlán a dhéanamh cheana féin le haghaidh seirbhísí íogaire neamh-rúnaicmithe agus is féidir é sin a leathnú chun EUIBAnna eile a chumhdach ar bhonn *ad hoc* trí bhainistíocht a dhéanamh ar aitheantas na rannpháirtithe sa chruinniú. Tabharfar aghaidh freisin ar chomhroinnt faisnéise

íogaire sa Rialachán atá beartaithe maidir le slándáil faisnéise (i.e. trí lipéadú agus marcanna coiteanna).

3. Faisnéis maidir le teagmhais mhóra nó leochaileachtaí a roinnt

Tugtar aghaidh sa dréacht-Rialachán maidir le cibearshlándáil, i gcomhréir le togra an Choimisiúin sa Dara Treoir NIS¹, ar an gcaoi nach dtugann na EUIBAnna uile fógra do CERT-EU faoi theagmhais nó leochaileachtaí móra. Braithfidh an leibhéal cur chun feidhme ar acmhainní breise a thiomnóidh na EUIBAnna féinrialaitheacha dó sin. Tá teorainn fós leis an raon feidhme chun na fógraí sin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear faoin Rialachán atá beartaithe mar atá pleanáilte faoi láthair, mar gheall ar fhéinriail institiúideach na EUIBAnna. Beidh sásraí comhlíontachta sa Rialachán atá beartaithe maidir le cibearshlándáil, ar sásraí iad atá iomchuí agus atá ar cóimhéid le cuspóir agus le raon feidhme na rialacha nua, gan dochar d'fhéinriail institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí.

III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE

Moladh 1 - Feabhas a chur ar ullmhacht cibearshlándála na EUIBAnna uile trí chomhrialacha ceangailteacha agus trí acmhainní méadaithe le haghaidh CERT-EU

Áireofar i dtéacs beartaithe an Rialacháin bearta sonracha atá ceaptha chun an leibhéal cibearshlándála coiteann a mhéadú a thuilleadh. Déanfar na bearta sin a thiontú ina bpleananna cibearshlándála, agus déanfar iad a shainiú agus a chur chun feidhme ar leibhéal na EUIBAnna faoina gcreat rialachais cibearshlándála féin.

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. I dtaca leis na fomholtaí sonracha, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire:

- a) Glacann an Coimisiún le moladh 1a. Áireofar sa dréacht-Rialachán forálacha maidir le creataí rialachais agus rialaithe, arna mbunú ag an leibhéal is airde bainistíochta feidhmiúcháin de gach EUIBA, chun bainistíocht éifeachtach stuama a áirithiú i gcás gach riosca cibearshlándála.
- b) Glacann an Coimisiún le moladh 1b. Leis an dréacht-Rialachán, treiseofar an tagairt don chur chuige rioscabhunaithe maidir le bainistíocht a dhéanamh ar an gcibearshlándáil trína shoiléiriú gur cheart cloí leis na measúnuithe i ngníomhaíochtaí, i bpleananna slándála TF agus sa chur chun feidhme féin de rialuithe fíor-riachtanacha.

¹ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun leibhéal ard cibearshlándála a áirithiú ar fud an Aontais, lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148, COM/2020/823 final

- c) Glacann an Coimisiún le moladh 1c. Luafar oideachas, ardú feasachta agus cláir oiliúna chibearshlándála mar chuid den bhonnlíne chibearshlándála sa dréacht-Rialachán.
- d) Glacann an Coimisiún le moladh 1d. Ón taithí atá faighte againn, cé go bhfuil iniúchtaí agus tástálacha rialta fíor-riachtanach, ní leor iad chun a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh. Dá bhrí sin, tá gá le tuairisciú rialta agus trédhearcacht, mar chuid den chreat rialachais cibearshlándála faoi mhír a).
- e) Glacann an Coimisiún le moladh 1e. Beidh forálacha sa dréacht-Rialachán a bhaineann leis na EUIBAnna fógra a thabhairt do CERT-EU faoi chibearbhagairtí, cibirleochaileachtaí agus cibirtheamhais mhóra.
- f) Glacann an Coimisiún le moladh 1f. Tacaíonn an Coimisiún leis an ngá acmhainní CERT-EU a threisiú. Áireofar forálacha a bhaineann le foireann agus le ranniócaíochtaí airgeadais ó na EUIBAnna i dtéacs an dréacht-Rialacháin.
- g) Glacann an Coimisiún le moladh 1g. Beidh sásraí comhlíontachta sa Rialachán atá beartaithe, ar sásraí iad atá ar cóimhéid agus atá comhréireach le cuspóir agus le raon feidhme na bhforálacha, i leith fhéinriail institiúideach na EUIBAnna. Braitheann ábhar an Rialacháin a bheidh ann amach anseo ar thoradh an nós imeachta reachtaigh agus is toradh é ar chinneadh a rinne reachtóir an Aontais maidir leis an togra a rinne an Coimisiún.

Moladh 2 - Sineirgí breise a mholadh i measc EUIBAnna i réimsí áirithe

Comhaontaíonn an Coimisiún, atá ina chathaoirleach faoi láthair ar Fhoghrúpa Cibearshlándála an Choiste Idirinstitiúidigh um Chlaochlú Digiteach (CIICD), leis na moltaí chun na réitigh a chur chun cinn le haghaidh comhroinnt chomhsheasmhach agus shlán faisnéise atá íogair, comhroinnt chórasach faisnéise maidir le tionscadail chibearshlándála agus creataí comhchoiteanna soláthair agus conarthaí maidir le seirbhísí cibearshlándála.

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. I dtaca leis na fomholtaí sonracha, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire:

- a) Glacann an Coimisiún le moladh 2a. Tá an Coimisiún ag tabhairt tionscnaimh agus seirbhísí teicniúla chuig Foghrúpa Cibearshlándála CIICD chun uirlisiú coiteann a chur chun cinn agus chun tacú le huirlisiú coiteann le haghaidh comhroinnt faisnéise íogaire, rud a chumasóidh seirbhísí mar shampla an ríomhphost agus an fhíschomhdháil. Tugaimid dár n-aire freisin go dtabharfar aghaidh sa Rialachán atá beartaithe maidir le slándáil faisnéise ar mharcanna coiteanna agus ar rialacha coiteanna chun faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a láimhseáil.
- b) Glacann an Coimisiún le moladh 2b. Tá aghaidh á tabhairt ag na tascfhórsaí atá ann cheana féin faoi Foghrúpa Cibearshlándála CIICD ar an bpointe sin agus déanfar forbairt bhreise air. Agus an creatchonradh nua cibearshlándála á ullmhú, tá aghaidh á tabhairt ar fheabhsuithe ar chomhroinnt faisnéise maidir le soláthar.
- c) Glacann an Coimisiún le moladh 2c. Tá rochtain ag EUIBAnna cheana féin ar chreatchonarthaí idirinstiúideacha sa réimse TFC arna bhainistiú ag an gCoimisiún. Déanfar ullmhúchán an chreatchonartha nua cibearshlándála a chomhordú le Foghrúpa Cibearshlándála CIICD.

Moladh 3 - Fócas CERT-EU agus ENISA a mhéadú ar EUIBanna nach bhfuil chomh haibí sin

Tá an moladh seo dírithe ar CERT-EU agus ar ENISA.